



Curacdam Oideachas Reiligiúnach Caitliceach na Réamhscoile agus na Bunscoile in Éirinn



Leibhéal 1	Leibhéal 2
<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí</p> <p>Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none"> Ba mhaith le Dia go mbeadh an saol ar fad go sona sásta ar neamh leis ar feadh na síoraíochta (1 Eoin 3:2; 1 Cor 13:12; CCC, 1023) Nuair a fhaighimid bás, fillimid abhaile chun Dé (CCC, 1020) <p>Snáithe: Urnaí agus Liotúirge</p> <p>Snáithaonad: Paidreacha Breise</p> <ul style="list-style-type: none"> Urnaí ar son na marbh/ar son na n-easlán agus an mhuintir i mbaol bháis 	<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí</p> <p>Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none"> Gheall Íosa dúinn go mbeadh saol úr ar fáil anseo ar domhan againn, chomh maith le tar éis bháis dúinn Creidimid go gcuireann Dia glao ar neamh orainn nuair a fhaighimid bás (CCC, 1011) Is é plean Dé é, go mbeimis inár gcónaí le Dia, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh ar neamh (CCC, 1024) <p>Snáithe: Urnaí agus Liotúirge</p> <p>Snáithaonad: An Bhliain Liotúirgeach</p> <ul style="list-style-type: none"> Tugann an Eaglais na mairbh chun cuimhne ar Lá Cuimhneacháin na bhFíréan atá Marbh, agus guítear ar a son.
Leibhéal 3	Leibhéal 4
<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí</p> <p>Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none"> Ba mhaith le Dia go mairfidh cách go sona ar neamh go síoraí leis, tríd an slánú a bhronn Íosa orainn (GS, 18; CCC, 1026) D'aiséirigh Íosa ina chorp féin ó na mairbh agus chuaigh ar neamh ionas go mbeimis in éineacht leis amach anseo, leis an Bheatha Shíoraí a roinnt leis. (CCC, 666–7) Deir an Tiarna Íosa 'gach duine a fheiceann an Mac agus a chreideann ann, go mbeadh an bheatha shíoraí aige, agus tógfaidh mé suas é an lá deireanach'. Creideann na Críostaithe, agus tá an dóchas iontu go bhfuil saol úr rompu in éineacht le hÍosa aiséirithe. Tugtar 'An Bheatha Shíoraí' ar an saol nua seo (1 Cor 15:23–4) De réir mar a mhaireann Íosa aiséirithe go síoraí, aiséireoidh cách ar lá an Luain (CCC, 1016; 1 Cor 15:54–7) Creideann na Críostaithe go mbeidh siad i bhfochair Dé nuair a fhaigheann siad bás, agus go bhfeicfidh siad gnúis Dé (1 Cor 13:12)) 	<p>Snáithe: An Creideamh Críostaí</p> <p>Snáithaonad: An Bheatha Shíoraí</p> <ul style="list-style-type: none"> Mairfidh gach rud atá fiúntach ar domhan ar neamh ar feadh na síoraíochta Cabhraíonn gach aon ghníomh fónaimh, nó cineálta, nó flaitiúil, le Ríocht Dé a thógáil Is é sonas neimhe é, ná a bheith ag maireachtáil go síoraí i measc na naomh le Dia, i ngaol eolach grámhar (CCC, 1024, cf. 1026–7) Gheobhaidh an corp bás, ach aiséireoidh sé ar bhealach athnuaithe ar lá dheireadh an tsaol (Aiséirí na Colainne; féach. LG, 48; CCC, 988–90, 1020) Trí ghrásta agus trí thrócaire Dé, tá an dóchas buanseasmhach i measc na gCríostaithe go maireann an dream a thug grá do Dhia agus don duine eile i saol fírinneach ar neamh le Dia (GS, 18) Guíonn an Eaglais go slánófar cách (CCC, 1058) Guíonn na Caitlicigh ar son na n-anamacha i bpurgadóir ar Lá Cuimhneacháin na bhFíréan atá Marbh agus ar feadh na bliana Iarrann an Eaglais go mbronnfar thrócaire Dé ar na mairbh, agus guíonn ar a son, go h-áirithe san Eocairist





Mí na Samhna 2020: Mí na Marbh



Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2021 ná ‘Scoileanna Caitliceacha: Pobail an Dóchais agus an Teacht Aniar’. Táimid ag súil le tosach a chur le hullmhúchán a dhéanamh le SSC 2021 a cheiliúradh, agus baineann tábhacht leis go mbeimis ag smaoineamh ar an mhuintir a d’imigh romhainn agus iad ag súil leis an aiséirí a gheall Íosa dúinn. Is í aidhm an acmhainn seo ná cabhair a chur ar fáil do na scoileanna maidir le gníomhaíochtaí agus tuairimí faoi cheachtanna a thabhairt, a bhaineann le ‘Mí na Marbh’. Cuirfear dólás níos déine ar dhaoine i mbliana i rith mhí na Samhna agus muid ag cuimhneamh ar na daoine bochta a fuair bás de bharr na paidéime COVID-19. Dá bhrí sin beidh béim ar leith ann an tráth seo mhí na Samhna, ar an grá atá ag Dia dúinn, grá a sháraíonn gach ní eile, fiú an bás.

‘Cuirfidh sé an bás ar ceal go deo. Triomóidh Dia na deora de na gnúiseanna go léir.’ (Íseáia 25:8). Nuair a bhímid brónach agus thíos leis, ní thréigeann Dia muid. Tá an méid sin grá ag Dia dúinn gur aiséirigh Críost chun beatha athnuaithe, ag sárú an bháis go deo.

Tharlódh sé go bhfuil daoine ar scoil, daltaí nó baill fhoirne, ar cailleadh duine dá muintir i rith na bliana. Is féidir go dtabharfaidh an dán clúiteach seo sólás dóibh. Tugann sé le fios dúinn go bhfuil grá ag Dia dúinn gach lá dár saol, é in éineacht linn i gcónaí, céim ar chéim ar thuras na beatha.



Rianta Coise sa Ghaineamh

Rinneadh taibhreamh dom, oíche.
Shiúil mé ar an trá i bhfochair mo Thiarna.
Las an spéir dhorcha le físeanna ó mo shaol féin.
De réir mar a shoilsigh na radhairc,
thug mé faoi deara an dá shraith rianta coise sa ghaineamh.
Bhain ceann acu liomsa, agus an ceann eile le mo Thiarna.

Nuair a foilsíodh an radharc deireanach ó mo shaol os mo chomhair,
bhreathnaigh mé siar ar na rianta coise sa ghaineamh.

Thug mé faoi deara gur tharla go minic ar m’aistear saoil, nach raibh ach sraith amháin rianta coise ann, agus gur tharla sé seo ag an am ab ísle agus ba bhrónaí i mo bheatha.

Chuir sé seo isteach go mór orm, agus cheistigh mé an Tiarna faoi. ‘A Thiarna, gheall tú dom nuair a shocraigh mé ar do bhealach a leanúint, go mbeifeá in éineacht liom i gcónaí.

Thug mé faoi deara nach raibh ach sraith amháin rianta coise ann,
ag an am ab ísle agus ba mheasa i mo bheatha.

Ní thuigim an fáth gur thréig tú mé nuair a bhraith mé chomh mór sin ort!’

Labhair an Tiarna i gcogar, ‘A chroí ionúin, tá grá agam duit agus ní thréigfinn riamh tú, ach go háirithe in am an ghátair agus an dóláis. Nuair nach raibh ach sraith amháin rianta le sonrú, is ansin a bhí tusa á iompar ar mo dhroim agam.’





Do na Paróistí

Is féidir an tráth seo a shuí i measc na dtéamaí liotúirgeacha a bhaineann leis an Aifreann nó leis an liotúirge i rith mhí na Samhna agus ar Lá Cuimhneacháin na bhFíréan atá Marbh, agus leis an mbealach ina gcuimhnimid ar an mhuintir mhuirneach a d'imigh romhainn. Is féidir an tseirbhís urnaí a chur i bhfeidhm sa pharóiste le daoine óga nó le déagóirí.



Acmhainní:

- Ábhar oiriúnach ó Churaclam Oideachas Reiligiúnach Caitliceach na Réamhscoile agus na Bunscoile in Éirinn
- Ceacht Sóisearach (Naíonáin Shóisearacha–Rang 2/P1–P4)
- Ceacht Sinsearach (Rang 3–Rang 6/P5–P7)
- Seirbhís Chuimhneacháin Urnaí





Ceacht Sóisearach



Naíonáin Shóisearacha–Rang 2 (P1–P4)

Nótaí don Oide

Díríonn tráth mhí na Samhna ar an mbealach ina mbíonn lucht leanúna Íosa mar phobal an dóchais. Caithimid ár saol ag súil le go gcuirfear gealltanas Íosa i bhfeidhm dúinn féin agus dár mhuintir mhuirneach.

Geallann Íosa dúinn go dtiocfaidh na daoine ar fad a chreideann ann ar ais chuige ar neamh, tar éis bháis dóibh. An mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne, tá siad ar neamh in éineacht le hÍosa anois, agus is féidir linn guí chucu, agus ar a son chomh maith.

I rith mhí na Samhna, ar Lá Fhéile na Naomh Uile (1 Samhain) agus ar Lá Cuimhneacháin na bhFíréan atá Marbh (2 Samhain), tugaimid chun cuimhne an chuid sin dár muintir féin a d’fhill ar ais abhaile ar neamh.

Gnáthdhaoine ar aon dul linn féin atá sna naoimh. Chaitheadar saol fiúntach, thugadar aire don duine eile, chuireadar urnaí in airde agus ghníomhaigh siad le feabhas a chur ar chúrsaí an domhain. Tá aithne againn ar Naomh Pádraig agus ar Naomh Bríd. Cé hiad na naoimh a mhaireann faoi láthair? Cé hiad na daoine a thugann léargas dúinn ar Ríocht Dé? (m.sh. an Br. Kevin Crowley, an tSr. Stan, an tAthair Peter McVerry agus araile)

Nóta: Beidh na hoidí discréideach faoin ábhar seo sa mhéid is a bhaineann sé le daltaí ar cailleadh gaol go tragóideach leo le déanaí, mar shampla, nó leosan a bheadh leochaileach i dtaobh na dtéamaí seo.

Tá físeán ar YouTube ina míníonn carachtair Lego bunús Oíche Shamhna/Lá Fhéile na Naomh Uile. https://www.youtube.com/watch?v=Oy66_pgeORA

Smaoinigh

Déan na séasúir agus an tráth seo bliana a phlé leis na daltaí, ag díriú ar na ceisteanna thíos:

1. Cad is naomh ann?
2. An bhfuil aithne againne ar naomh ar bith?
3. Cén fáth go ndéanaimid Oíche Shamhna a cheiliúradh ar an 31 Deireadh Fómhair?



(Is é an lá roimh Lá Fhéile na Naomh Uile é. Má tá amhras ar na daltaí faoi, is féidir nod a scríobh ar an gclár bán: ‘All Hallow’s Eve.’)



Scrúdaigh

Mí ar leith atá i mí na Samhna. Tugtar Lá Fhéile na Naomh Uile ar an gcéad lá den mhí. Déanann an Eaglais ceiliúradh ar na daoine a d’imigh romhainn agus atá ar neamh in éineacht le Dia. Téimid ar Aifreann agus cuimhnimid ar na daoine naofa seo a bheith go sona i bhfochair Dé. Gnáthdhaoine ar aon nós linne atá sna naoimh, daoine a thaispeánann dúinn an bealach ceart ina mairfimis de réir mar a dúirt Íosa linn. Is baill teaghlaigh iad na daoine seo, nó daoine atá cairdiúil linn, nó comharsana linn. Níl ainm gach aon naomh ar eolas againn áfach. An aithnímid féin naomh ar bith?

Gníomhaíocht


I rith mhí na Samhna cuimhnimid ar an mhuintir mhuirneach a d’imigh romhainn. Ionas gur féidir linn smaoineamh ar na daoine sin atá ar shlí na fírinne, agus ag súil leis go maireann siad ar dheis Dé ar neamh, scríobhaimis ainm nó déanaimis pictiúr den duine ionúin a fuair bás, ar leathanach gníomhaíochta na sóisear. Is féidir gur ball teaghlaigh, nó cara linn, nó comharsa, nó peata fiú, a bheadh i gceist. Is féidir daoine a lua nach mbeadh cara ar bith acu a chuirfeadh paidir chun Dé ar a son.

Cuir na leathanaigh seo ar taispeánt i spás beannaithe an ranga.



Tráth Mhí na Samhna

Leathanach Gníomhaíochta na Sóisear





Ceacht na Sinsear

(Rang 3–Rang 6) (P5–P7)



Nótaí don Oide

Díríonn tráth mhí na Samhna ar an mbealach ina mbíonn lucht leanúna Íosa mar phobal an dóchais. Caithimid ár saol ag súil leis an Aiséirí, agus go gcuirfear gealltanais Íosa i bhfeidhm dár mhuintir mhuirneach a d'imigh romhainn ionas go lonróidh solas úr na bhflaitheas orthu.

Tugann Íosa an gealltanais dúinn go dtiocfaidh gach aon duine a chreideann ann ar ais chuige ar neamh, tar éis bháis dóibh. An mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne, tá siad ar neamh in éineacht le hÍosa anois, agus is féidir linn guí chucu, agus ar a son chomh maith.

I rith mhí na Samhna, ar Lá Fhéile na Naomh Uile (1 Samhain) agus ar Lá Cuimhneacháin na bhFíréan atá Marbh (2 Samhain), tugaimid chun cuimhne an chuid sin dár mhuintir féin a d'fhill ar ais abhaile ar neamh. Cuimhnímid chomh maith orthusan nach mbeadh duine ar bith ann a chuirfeadh paidir ar a son. Bíonn sé deacair a bheith dóchasach nuair a fhaigheann duine ionúin linn bás. Tuigimid mar Chríostaithe, an fhírinne a bhaineann le gealltanais Íosa faoi aiséirí na marbh nuair a bhreathnaímid ar mhíorúilt Íosa inar thóg sé Lazaras ar ais ó mhairbh. Déanfaimid an mhíorúilt seo a iniúchadh, agus beimid ag díriú sa cheacht seo chomh maith ar an mbealach inar féidir linne an mhuintir a d'imigh romhainn a cheiliúradh i rith mhí na Samhna ach go háirithe.

Tá ár saol féin ar nós na séasúr a bhaineann leis an domhan álainn a chruthaigh Dia dúinn. Bímid óg agus ag fás aníos in earrach an tsaoil, bímid faoi bhláth sa samhradh, ag aibiú agus ag dul in aois san fhómhar. Deir an Bíobla linn: 'Tá a ionú féin ag gach uile ní agus tá a thráth ann don uile ghnó faoin spéir' (Cóheilít 3:1).

Nóta: Beidh na hoidí discrídeach faoin ábhar seo sa mhéid is a bhaineann sé le daltaí ar cailleadh gaol go tragóideach leo le déanaí, mar shampla, nó leosan a bheadh leochaileach i dtaobh na dtéamaí seo.

Smaoinigh

Cuir tús leis an bplé trí chaint a dhéanamh ar an méid a chreidimid mar Chríostaithe maidir leis an saol iarbháis a bhainfidh linne nó leis an mhuintir ionúin. Cá dtéimid? Cad a tharlaíonn ag sochraid?



Nóta: 'Creidimid go gcuirfidh Dia glao ar ais ar neamh orainn tar éis bháis dúinn' (CCC, 1011); 'Is é plean Dé é go mairfidh go deo in éineacht le Dia, le hÍosa, le Muire, leis na haingil agus leis na naoimh ar neamh, tar éis bháis dúinn' (CCC, 1024).



Am deacair dólasach a bhíonn ann má fhaigheann gaol linn, nó cara, nó peata fiú, bás. Is nádúrtha an rud é a bheith brónach faoi, a bheith feargach, nó uaigneach, nó trína chéile nuair a chailltear duine dár gcuid.

Geallann Íosa dúinn go dtiocfaidh gach aon duine a chreideann ann ar ais chuige ar neamh, tar éis bháis dóibh. An mhuintir mhuirneach atá ar shlí na fírinne, tá siad ar neamh in éineacht le hÍosa anois, agus is féidir linn guí chucu, agus ar a son chomh maith.

Scrúdaigh

Is féidir go leor a fhoghlaim faoi ghealltanais Íosa nuair a bhreathnaímid ar mhíorúilt Íosa inar thóg sé Lazaras ar ais ó mhairbh. Tá an scéal le sonrú i Soiscéal Eoin.

Bhí triúr dlúthchara ag Íosa a chónaigh i mBéatáine. Lazaras agus a bheirt deirfiúr, Máire agus Marta ab ainm dóibh. Tharla lá, agus Íosa ar thaobh thall na hIordáine gur chuir Máire agus Marta teachtaireacht phráinneach chuige go raibh drochthinneas ar Lazaras. D'iarr siad ar Íosa teacht go tapa chuige. Ní dheachaigh Íosa ar an toirt chuige, ach d'fhan sé ar feadh cúpla lá roimh imeacht dó. Dúirt sé leis na deisceabail go raibh Lazaras



ina chodladh i mBéatáine, agus go raibh sé chun é a chur ina dhúiseacht. D'fhreagair na deisceabail: 'Má tá Lazaras ina chodladh, cabhróidh sé le biseach a chur air.' Dúirt Íosa go soiléir leo: 'Tá Lazaras tar éis bháis.'



Bhí Lazaras curtha ar feadh cheithre lá faoin am ar shroich Íosa Béatáine. Bhí na sluaite ann ag iarraidh sóláas a thabhairt do Mháire agus do Mharta. Nuair a thuig Marta go raibh Íosa tagtha, rith sí chuige. Dúirt sí: 'A Thiarna, dá mbeifeása anseo, ní bhfaigheadh mo dheartháir bás.' Arsa Íosa léi: 'Éireoidh do dheartháir arís. An gcreideann tú a leithéid?' Ar sise: 'Creidim go n-éireoidh sé arís san aiséirí ar an lá deireanach'. Arsa Íosa léi: 'Mise an t-aiséirí agus an bheatha.'

D'imigh Marta chuig Máire agus dúirt: 'Tá Íosa anseo.' Rith Máire chuig Íosa agus lean an slua í. Chaith Máire í féin ag cosa Íosa agus í ag gol go faíoch. Ar sise: 'A Thiarna, dá mbeifeá anseo ní bhfaigheadh mo dheartháir bás!' Thuig Íosa an méid a d'fhulaing sí, agus tháinig na deora chuige. Nuair a thug an slua na deora faoi deara, 'Féach an cion a bhí aige air,' a dúirt siad. Ach bhí cuid acu ag rá 'Nach bhféadfadh sé a chara a shábháil?' Cad a dhéanfadh Íosa ansin?

Tháinig Íosa go dtí an tuama. Bhí liag mhór a chlúdaigh an bealach isteach. 'Aistrígí an liag!' arsa Íosa. Arsa Marta: 'Tá sé bréan faoin am seo! Tá sé ceithre lá marbh.' D'aistrigh siad an liag ar aon nós. D'ardaigh Íosa a shúile chun na flathis agus dúirt: 'A Athair, gabhaim buíochas leat gur éist tú liom; bhí a fhios agam féin go néisteann tú liom i gcónaí; ach is ar son an tslua atá ina seasamh anseo i mo thimpeall, a labhair mé, chun go gcreidfidís gur chuir tú uait mé.'

Dúirt sé os ard: 'A Lazaras, tar amach!' Bhí ionadh ar chách. Tháinig Lazaras amach as an tuama agus éadaí báis fós air! Arsa Íosa: 'Scaoilígí é, agus ligigí chun siúil é.'

Ar YouTube: Lazaras á thabhairt ar ais chun na beatha: <https://www.youtube.com/watch?v=Dca8SSxXCmM>

Gníomhaíocht

Scríobh cur síos ar an mhíorúilt, amhail is dá mbeifeá féin i láthair, nó scríobh tuairisc faoin eachtra ar mhaithe le Preas na Gailíle ar leathanach gníomhaíochta na Sinsear.

Gníomhaíocht Bhreise

Caith tamall ag smaoineamh/ag caint faoin mhuintir mhuirneach a fuair bás. Is féidir ball teaghlaigh, nó cara, nó peata fiú, a lua. Is féidir leis na daltaí pictiúr a dheardh, nó ainm an té a thugtar chun cuimhne a scríobh síos. Cuir na leathanaigh i mbosca agus leag i spás beannaithe an ranga é.



Má bhíonn an deis ann, tabhair an rang leat ar Aifreann i rith an lae scoile i rith mhí na Samhna. Iarr ar an sagart cead a thabhairt bosca an ranga leis na hainmneacha a leagan ag bun na haltóra i rith an Aifrinn.





Preas na Gailile

LAZARAS
ÉIRITHE Ó MHAIRBH!





Seirbhís Urnaí



Is féidir an tseirbhís seo a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile, nó sa seomra urnaí. Toisc go mbaineann éabhlóid le cúrsaí COVID-19, tá an baol ann nach mbeifear in ann mórán daoine a thabhairt le chéile le haghaidh na seirbhíse.

ÁBHAR AN IONAID URNAÍ

- Crann/leabhar/bosca cuimhneacháin
- Bíleoga líonta ó leathanach oibre na ndaltaí
- Scaraoid ghlas
- Coinneal
- Uisce beannaithe
- An chros chéasta

Ceannaire: Dia daoibh a chairde. Tagaimid le chéile inniu le guí ar son na mball teaghlach, na cairde, na gaolta, na comharsana atá ar shlí na fírinne. Guímid freisin ar son na ndaoine nach bhfuil duine ar bith acu a chuirfeadh paidir ar a son. Cuimhnimid ach go háirithe orthu i rith mhí na Samhna, agus muid ag smaoineamh ar an saol síoraí a gheall Íosa dúinn i ríocht Dé. Tuigimid go sáraíonn grá Dé an bás, agus guímid ar son na ndaoine atá marbh, go mbeidh siad ar dheasláimh Dé ar neamh.

Cuirimid tús lenár nguí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

Amhrán Tosaigh: Dia do Bheatha a Rí na nGrást

Ceannaire: Cuimhnimid inniu ar na daoine a d'imigh romhainn agus cuirimid ainmneacha agus pictiúir ag crochadh ar an gcrann cuimhneacháin (nó sa leabhar, nó sa bhosca cuimhneacháin) mar urnaí ar a son. Múineann Íosa dúinn go sáraíonn grá Dé an bás. Éistimis anois le briathar Dé.



Léitheoir 1: Sliocht as chéadlitir Naomh Eoin (1 Eoin 4:7-12).

A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia. An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia, mar is é Dia an Grá. Mar seo a foilsíodh grá Dé inár measc gur sheol sé a aonMhac sa saol le go mairimis-ne trídsean. Seo é an grá - ní gur thugamarna grá do Dhia ach gur thug seisean grá dúinne agus gur sheol uaidh a Mhac go mbeadh ina íobairt sásaimh ar ár bpeacaí. A chairde cléibh, ós fíor gur thug Dia grá dúinne nach mithid dúinne grá a thabhairt dá chéile. Ní fhaca aon duine Dia riamh. Má thugaimid grá dá chéile maireann Dia ionainn agus is lánfhoirfe ionainn a ghrá. Sin é Briathar Dé.



Ceannaire: Guímis lena chéile ar son na ndaoine a fuair bás. Is é an freagra ar an urnaí ná: 'Go lonraí solas Chríost anuas orthu.

Cách: Go lonraí solas Chríost anuas orthu.

Léitheoir 2: Ar son na seantuismitheoirí a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 3: Ar son na dtuismitheoirí a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 4: Ar son mhúinteoirí agus foireann na scoile seo a fuair bás. (Freagra)

Léitheoir 5: Ar son chách a fuair bás i rith na bliana seo caite. (Freagra)



Léitheoir 6: Ar son na ndaoine a fuair bás gan duine ar bith a chuimhneodh orthu. (Freagra)

Léitheoir 7: Ar son na ndaoine a luaitear ar an gcrann cuimhneacháin. (Freagra)



Ceannaire: Tuigimid go raibh Íosa i gcónaí ag guí chun Dé ar neamh. D'iarr sé orainn guí chun an Athar chomh maith. Agus faoi mar a dúirt Íosa linn, tá sé de mhisneach againn a rá:

Cách: Ár nAthair.....

Ceannaire: A Dhia grámhar, gabhaimid buíochas leat as an saol a chaith an mhuintir mhuirneach a fuair bás. Iarraimid ort aire a thabhairt don aicme atá go mór ina ndiaidh. Deonaigh go gcuimhneoidimid i gcónaí ar an ngealltanas a thug tú dúinn go n-athaontófar lena chéile muid ar neamh, amach anseo. Cuirimid ár nguí chugat, trí Chríost ár dTiarna.

Cách: Amen.

Léitheoir 8: Go dtuga Dia gach tacaíocht dúinn ar feadh an lae; go dtiteann clapsolas agus go dtagann an oíche, go dtí go dtagann ciúnas anuas ar an saol broidiúil, go dtí go mbíonn fiabhras na beatha thart agus ár gcuid oibre curtha i gcrích againn. Go bhféacha Dia go trócaireach ansin orainn, agus suaimhneas síoraí agus leaba i measc na naomh a bhronnadh orainn.

Ceannaire: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spiorad Naoimh.

Cách: Amen.

Amhrán Deiridh: Gur Tusa m'Aisling.

